Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15108/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0344(NLE)**

**ECOFIN 1485**
**UEM 538**
**FIN 1323**
***EIB***
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022
maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Bhulgáir an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 15 Deireadh Fómhair 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 4 Bealtaine 2022, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme[2] ('an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3] agus 18 Iúil 2025[4].

(2) An 9 Deireadh Fómhair 2025, rinne an Bhulgáir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiúin togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an mBulgáir.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Bhulgáir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 86 bheart.

(4) Tá mínithe ag an mBulgáir nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh toisc go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chostas chur chun feidhme an bhirt mar gheall ar bhoilsciú. Baineann sé sin le beart C11.I1 'Nuachóiriú an chúraim fhadtéarmaigh'. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an mBulgáir go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

---

[2] Féach doiciméid ST 8091/22 agus ST 8091/22 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu

[3] Féach doiciméid ST 15837/23 agus ST 15837/23 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu

[4] Féach doiciméid ST 11242/25 agus ST 11242/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu

(5) Tá mínithe ag an mBulgáir nach féidir cúig bheart a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar mhoilleanna gan choinne ar chur chun feidhme. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: C1.I4 'Lárionaid Óige'; C4.I9 'Scéim fóirdheontais – athchóiriú foirgneamh cónaithe'; C10.I4 'Cáilíocht agus inbhuanaitheacht na seirbhísí slándála a fheabhsú'; C12.I4 'Córas otharchairr aeir a bhunú' agus C13.I1 'Córas faisnéise a bhunú maidir le teaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh agus teaghlaigh leochaileacha'. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir na clocha míle thuasluaite a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(6) Tá mínithe ag an mBulgáir go bhfuil 12 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le C1.I3 'Oiliúint i scileanna digiteacha a sholáthar'; C2.I1 'Clár chun dlús a chur le téarnamh agus claochlú eacnamaíoch trí thaighde agus nuálaíocht'; C4.R1 'Ciste Náisiúnta um Dhícharbónú a bhunú'; C4.R6 'Borradh a chur faoi ghiniúint leictreachais ó acmhainní in-athnuaite'; C4.R11 'Rialachas corparáideach cuideachtaí faoi úinéireacht stáit in earnáil an fhuinnimh a fheabhsú'; C13.R1 'Creat rialachais maidir le bochtaineacht fuinnimh agus léirscaoileadh an mhargaidh miondíola a ullmhú'; C8.R1 'Creat straitéiseach iompair'; C8.R4 'Iompar poiblí comhtháite'; C10.R7 'An creat rialachais d'fhiontair faoi úinéireacht stáit a fheabhsú'; C11.I2 'Feistí cúnta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas buan'; C11.I5 'Nuachóiriú na Gníomhaireachta Fostaíochta'; agus C12.I1 'Áiseanna ospidéil a nuachóiriú'. Ar an mbonn sin, d'iarr an Bhulgáir na clocha míle thuasluaite a leasú. Ós rud é go bhfuil údar le leasú na mbeart mar gheall ar na himthosca sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir sin.

(7) Tá mínithe ag an mBulgáir go bhfuil 68 mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cur chun feidhme an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: C1.R1 'Athchóiriú san oideachas réamhscoile agus scoile agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil'; C1.I1 'Ionaid ETIM agus nuálaíocht san oideachas'; C1.I2 'An bonneagar oideachais a nuachóiriú'; C2.R1 'Comhbheartas chun taighde agus nuálaíocht a fhorbairt'; C2.I2 'Cumas nuálaíochta Acadamh Eolaíochtaí na Bulgáire a fheabhsú'; C3.I1 'Clár tacaíochta poiblí chun ceantair thionsclaíocha, páirceanna agus críocha comhchosúla a fhorbairt agus infheistíocht a mhealladh ('AttractInvestBG')'; C3.I2 'An clár um chlaochlú eacnamaíoch'; C4.R5 'Ionad Ilfhreastail le haghaidh athchóirithe'; C4.R7 'Acmhainneacht na dteicneolaíochtaí hidrigine agus táirgeadh agus soláthar hidrigine a scaoileadh'; C4.R10 'Dícharbónú na hearnála fuinnimh'; C4.I1 'Tacaíocht chun stoc foirgneamh a athchóiriú'; C4.I2 'Tacaíocht d'fhuinnimh in-athnuaite do theaghlaigh'; C4.I3 'Tacaíocht do chórais soilsithe sráide atá tíosach ar fhuinneamh'; C4.I4 'Aistriú digiteach na heangaí tarchurtha leictreachais'; C4.I7 'Borradh a chur faoi úsáid fuinnimh in-athnuaite ó fhoinsí geoiteirmeacha'; C4.I8 'Bonneagar náisiúnta chun leictreachas in-athnuaite a stóráil (RESTORE)'; C6.R1 'Creat straitéiseach na hearnála talmhaíochta a nuashonrú'; C6.I1 'Ciste chun aistriú teicneolaíoch agus éiceolaíoch na talmhaíochta a chur chun cinn'; C6.I2 'Digitiú na bpróiseas ón bhfeirm go dtí an forc'; C7.R2 'Úsáid éifeachtúil an speictrim radaimhinicíochta'; C7.I1 'Bonneagar digiteach a chur in úsáid ar mhórscála'; C7.I2 'Tógáil, forbairt agus leas iomlán a bhaint as an gcóras digiteach TETRA agus líonra sealaíochta raidió'; C8.R2 'Sábháilteacht ar bhóithre';

C8.R3 ‘Soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe’; C8.R5 ‘Soghluaisteacht leictreach’; C8.I1 ‘Rothstoc iarnróid’; C8.I5 ‘Sábháilteacht ar bhóithre’; C8.I6 ‘Meitreo Shóifia - Líne 3’; C8.I7 ‘Soghluaisteacht ghlas – scéim phíolótach chun tacú le soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe’; C8.I8 ‘Trealamh chun faireachán nó cothabháil a dhéanamh ar iarnróid agus línte chumhachta lastuas’; C8.I9 ‘Bonneagar iarnróid a athchóiriú’; C8.I10 ‘Rothstoc nua do mheitreo Shóifia’; C9.R2 ‘Leanúint d’athchóiriú na hearnála uisce’; C10.R1 ‘Ceartas inrochtana, éifeachtach agus intuartha’; C10.R2 ‘Frithéilliú’; C10.R4 ‘Nósanna imeachta dócmhainneachta a neartú’; C10.R5 ‘Athchóiriú digiteach earnáil tógála na Bulgáire’; C10.R6 ‘Athchóiriú ar an gclárlann chun leas a bhaint as acmhainneacht an ríomhrialtais’; C10.R8 ‘An creat um an sciúradh airgid a chomhrac a neartú’; C10.R10 ‘Soláthar poiblí’; C10.R11 ‘An Bhulgáir Fhiontraíoch’; C10.I1 ‘Córas Faisnéise Aontaithe na gCúirteanna a neartú, a fhorbairt a thuilleadh agus cur leis an gcóras sin’; C10.I2 ‘Digitiú na bpríomhphróiseas dlíthíochta sa cheartas riaracháin’; C10.I3 ‘Claochlú an bhonneagair faisnéise agus cumarsáide in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí’; C10.I6 ‘Tacú le céim phíolótach chun samhaltú faisnéise foirgníochta a thabhairt isteach’; C10.I7 ‘Córas Faisnéise Aontaithe maidir le Pleanáil Spásúlachta, Dearadh Infheistíochta agus Ceadú TógálaTógála’; C10.I10 ‘Córas Monatóireachta’; C10.I11 ‘Timpeallacht leordhóthanach faisnéise agus riaracháin a áirithiú chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme’; C11.R1 ‘Athchóiriú ar an scéim ioncaim íosta’; C11.R2 ‘Athchóiriú ar sheirbhísí sóisialta’; C11.I3 ‘Forbairt an gheilleagair shóisialta’; C11.I4 ‘Nuachóiriú na Gníomhaireachta um Chúnamh Sóisialta’; C11.I6 ‘Forbairt earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta’; C11.I7 ‘Digitiú bailiúchán cartlann’; C12.R1 ‘Creat straitéiseach na hearnála cúraim sláinte a uasghrádú’; C12.R2 ‘Forbairt ríomhshláinte agus an Chórais Faisnéise Sláinte Náisiúnta’; C12.R3 ‘Tarraingteacht gairmeacha cúraim sláinte a fheabhsú agus dáileadh níos cothroime gairmithe cúraim sláinte a chur chun cinn ar fud na críche’; C12.R4 ‘Creat straitéiseach agus plean chun infhaighteacht cúraim phríomhúil agus cúraim othar seachtrach a mhéadú’; C12.R5 ‘Tacú le soláthar feabhsaithe gníomhaíochtaí scagtha coisctheacha’; C12.R6 ‘Plean le haghaidh oideachas sláinte nua-aimseartha i scoileanna’;

C12.I2 ‘Lárionaid le haghaidh diagnóisiú idirghabhála agus cóireáil inshoithíoch ar ghalair cheirbreashoithíocha’; C12.I3 ‘Cúram síciatrach a nuachóiriú’; C12.I5 ‘Ardán Digiteach Náisiúnta le haghaidh Diagnóisice Leighis’; C12.I7 ‘Cúram othar seachtrach a fhorbairt’; C13.R2 ‘Trédhearcacht na nósanna imeachta nasctha le haghaidh acmhainneachtaí nua in-athnuaite agus stórála’; C13.R3 ‘Feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh cothromúcháin agus freagairt don éileamh a chumasú’; C13.I2 ‘Beart méadaithe: Bonneagar náisiúnta chun leictreachas in-athnuaite a stóráil (RESTORE)’; C13.I3 ‘Córais Fhótavoltacha a shuiteáil agus Feithiclí Leictreacha a Sholáthar le haghaidh Saoráidí Seirbhísí Sóisialta’; agus C13.I4 ‘Tacaíocht d’acmhainneachtaí nua do ghiniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite agus do stóráil leictreachais’. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an mBulgáir go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(8) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an mBulgáir úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh leis an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun beart nua amháin a chur leis agus chun leibhéal cur chun feidhme trí bheart a mhéadú. Baineann sé sin leis na bearta seo a leanas: ‘C11.I8 Bonneagar cultúir’; C11.I2 ‘Gairis chúnta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas buan’; C11.I5 ‘An Ghníomhaireacht Fostaíochta a nuachóiriú’; agus C12.I1 ‘Saoráidí ospidéil a nuachóiriú’. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an mBulgáir go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme trí bheart: C11.I2 ‘Feistí cúnta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas buan’; C11.I5 ‘An Ghníomhaireacht Fostaíochta a nuachóiriú’; agus C12.I1 ‘Nuachóiriú saoráidí ospidéil’ a mhéadú agus an beart nua amháin sin, eadhon C11.I8 ‘Bonneagar cultúir’, a chur leis.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(9) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Bhulgáir i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú an Choimisiúin***

(10) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Gan dochar suntasach a dhéanamh*

(11) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(13) Déantar measúnú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach i bhFógra 2021/C58/01 ón gCoimisiún dar teideal 'Treoir theicniúil maidir le cur i bhfeidhm ''gan dochar suntasach a dhéanamh'' faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta'[6]. Na hathruithe a tugadh isteach i mbearta trí leasú a dhéanamh ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, ní dhéanann siad difear don mheasúnú a rinneadh ar an leagan bunaidh den phlean. Maidir leis an infheistíocht nua a tugadh isteach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta (Bonneagar cultúir C11.I8), sholáthair an Bhulgáir measúnú ar an mbeart a mhéid a bhaineann leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i gcomhréir le fógra C/2023/111 ón gCoimisiún dat teideal 'Treoraíocht theicniúil maidir le cur i bhfeidhm ''gan dochar suntasach a dhéanamh'' faoi Rialachán na Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta'[7]. Leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

---

[5] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj/).

[6] IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

[7] IO C, C/2023/111, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/111/oj.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 20,7 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(14) Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach a thugtar i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 4 Bealtaine 2022 ón gComhairle fós bailí. Is éard atá i gceist leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe laghdú ar leibhéil chur chun feidhme dhá bheart agus infheistíocht nua amháin C11.I8 'Bonneagar cultúir' a rannchuidíonn leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. D'ainneoin an laghdaithe ar leibhéil an gcur chun feidhme, tá méadú beag ar rannchuidiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta mar thoradh ar chuimsiú bheart nua C11.I8 'Bonneagar cultúir'.

*Costáil*

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(16) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh bearta nua agus le haghaidh na mbeart atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist lena leasuithe go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte. I líon fíorbheag cásanna, bhí teorainn leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh. Ina theannta sin, bhí údar leis na hathruithe ar na meastacháin ar chostais i gcás na mbeart leasaithe eile, bhí siad comhréireach leis na spriocanna athbhreithnithe nua agus thacaigh ríomhanna mionsonraithe agus fianaise leo, agus mar sin níor athraíodh réasúnaíocht ná sochreidteacht na meastachán sin ar chostais i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(17) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Bhulgáir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (da), (db), (e), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

*Measúnú dearfach*

(18) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Rannchuidiú airgeadais*

(19) Is é EUR 6 174 106 145 costas iomlán measta plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Bulgáire. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe cothrom leis an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Bhulgáir, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 a leithdháiltear ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Bulgáire, ba cheart gurb í EUR 6 174 106 145. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil don Bhulgáir.

---

[8] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(20) Ba cheart nár dhochar an Cinneadh seo do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Bulgáire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Bulgáire.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*